Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8610/20**

**EDUC 248**
**SOC 393**
**JEUN 47**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8317/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le géarchéim COVID-19 a chomhrac san oideachas agus san oiliúint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le géarchéim COVID-19 a chomhrac san oideachas agus san oiliúint, a d'fhormheas an Chomhairle trí nós imeachta i scríbhinn an 16 Meitheamh 2020, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/556 ón gComhairle.

Cuirfear na conclúidí seo ar aghaidh lena bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a chinn Coiste na mBuanionadaithe an 3 Meitheamh 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le géarchéim COVID-19 a chomhrac san oideachas agus san oiliúint**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS SUNTAS Á CHUR SA MHÉID SEO A LEANAS AICI:

1. De dheasca phaindéim COVID-19, tá difear déanta do chórais oideachais agus oiliúna, agus tá brú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo curtha ar na córais sin, ar fud an domhain agus ó cheann ceann an Aontais. Tá athruithe móra tagtha ar an gcaoi a ndéanaimid rudaí a fhoghlaim agus a theagasc, agus ar an gcaoi a ndéanaimid cumarsáid lena chéile agus a gcomhoibrímid laistigh dár bpobail oideachais agus oiliúna agus eatarthu. Bhí tionchar aige sin ar fhoghlaimeoirí[1], ar a dteaghlaigh, ar mhúinteoirí, ar oiliúnóirí, ar cheannairí institiúidí agus ar an tsochaí i gcoitinne.

2. Ó bhris an phaindéim amach, tá iarrachtaí suntasacha déanta ag na Ballstáit agus ag institiúidí oideachais agus oiliúna sábháilteacht agus dea-bhail na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne a áirithiú agus leanúint den fhoghlaim agus den teagasc, chun an ceart chun oideachais a chaomhnú.

3. Mar fhreagairt ar an éigeandáil, shocraigh formhór na mBallstát institiúidí oideachais agus oiliúna a dhúnadh go fisiciúil ar bhonn forleathan agus, san am céanna, roghanna malartacha agus tacaíocht don chianfhoghlaim agus don chianteagasc, go háirithe réitigh dhigiteacha, a shlógadh go pras. Mar thoradh ar an athrú sin, tá dúshláin dhifriúla ann do chórais oideachais agus oiliúna agus do gheallsealbhóirí sna Ballstáit, go háirithe d'fhoghlaimeoirí agus a dteaghlaigh, do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí, ach fuair siad taithí luachmhar foghlama freisin agus tá dlús curtha le tuilleadh claochlaithe dhigitigh ar institiúidí oideachais agus oiliúna.

---

[1] Chun críoch an doiciméid seo, tuigtear an téarma *foghlaimeoir* sa chiall is leithne, agus é ag tagairt d'fhoghlaimeoirí i ngach cineál agus leibhéal oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear oideachas agus cúram na luath-óige, oideachas ginearálta, gairmoideachas agus gairmoiliúint, oideachas aosach agus ardoideachas.

4. B'iontach an comhoibriú a bhí idir na Ballstáit sna himthosca eisceachtúla seo, agus dlúthpháirtíocht agus tacaíocht fhrithpháirteach á léiriú acu le linn géarchéime trí fhaisnéis a mhalartú go rialta maidir lena staid náisiúnta, lena ndúshláin, na bearta agus na pleananna atá beartaithe nó atá curtha chun feidhme cheana féin, chomh maith le hacmhainní oideachais a chomhroinnt go hoscailte, i gcás inar féidir.

AGUS Í EOLACH AR AN MÉID SEO A LEANAS:

5. Ag tús na géarchéime, nuair a bhí institiúidí oideachais agus oiliúna i bhformhór na mBallstát fós ag feidhmiú mar is gnách, díríodh ar an dóigh le sábháilteacht na bhfoghlaimeoirí agus na bhfoirne a áirithiú, lena n-áirítear trí bhearta cosanta agus sláinteachais a chur i bhfeidhm agus trí fhaisnéis agus treoir a chur ar fáil, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta oideachais agus sláinte.

6. De réir mar a tháinig cora nua chun cinn, le dúnadh fisiciúil tuilleadh institiúidí oideachais agus oiliúna i bhformhór na mBallstát, rinne na Ballstáit, institiúidí oideachais agus oiliúna, agus geallsealbhóirí ábhartha iarrachtaí suntasacha inneachar oideachais a oiriúnú agus a ullmhú, agus úsáid an inneachair sin sa chianfhoghlaim a áirithiú, chun deimhin a dhéanamh de go leanfar den phróiseas foghlama. A bhuí le treoirlínte iomchuí, mar aon le bainistiú beo-intinneach, faireachán leanúnach, feabhsuithe i rith an ama agus coigeartuithe reachtacha, tacaíodh leis sin i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh sé nach mar an gcéanna a bhí dálaí tosaigh ó thaobh ullmhacht dhigiteach na gcóras oideachais agus oiliúna sna Ballstáit, agus in institiúidí oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear fáil a bheith ar uirlisí foghlama digiteacha agus ar ábhair agus ullmhacht múinteoirí agus oiliúnóirí chun cianteagasc a chur ar fáil.

7. Bhain ceann de na dúshláin is mó a bhí ann le cuimsiú agus rochtain chomhionann ar dheiseanna cianfhoghlama d'ardcháilíocht a áirithiú. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na scileanna digiteacha, rochtain ar theicneolaíocht nó ar an idirlíon ag roinnt foghlaimeoirí, ná ag múinteoirí, oiliúnóirí agus teaghlaigh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhacainn thromchúiseach, go háirithe d'fhoghlaimeoirí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste agus ó cheantair thuaithe agus iargúlta, mar aon le ceantair arduirbithe. Thairis sin, tá foghlaimeoirí ann a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a dteastaíonn comhairleoireacht agus tacaíocht bhreise uathu agus iad ag foghlaim. Ina theannta sin, tugann dúnadh institiúidí oideachais agus oiliúna dúshlán go háirithe d'fhoghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus ar mó an dóchúlacht iad a bheith ina gcónaí i líon tí nach bhfuil fabhrach ó thaobh staidéar a dhéanamh sa bhaile nó atá i dteideal béilí scoile saor in aisce a fháil de ghnáth, agus d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath.

8. Tá níos mó i gceist le hinstitiúidí oideachais agus oiliúna ná go díreach áiteanna ina mbíonn daoine ag foghlaim, ag teagasc agus i mbun oiliúna – is timpeallachtaí sábháilte iad freisin ina gcuirtear meon struchtúir agus pobail ar fáil, mar aon le deiseanna sóisialaithe. I ngeall ar an imní agus ar an strus arb é an eagla roimh an bpaindéim agus an leithlisiú sóisialta is cúis leo, rud atá thar a bheith deacair dóibh siúd atá ag déileáil le foréigean baile nó i mbaol a bheith a déileáil leis, bhí sé ríthábhachtach coinneáil i dteagmháil leo, agus tacaíocht shíceolaíoch agus mhothúchánach a chur ar fáil chun dea-bhail agus sláinte choirp agus mheabhrach na bhfoghlaimeoirí, agus a dteaghlaigh, a múinteoirí agus a n-oiliúnóirí, a áirithiú.

9. Bhí ar mhúinteoirí agus ar oiliúnóirí dul i dtaithí go tapa ar an gcianteagasc le hais a bheith ag teagasc agus daoine os comhair a chéile. Ós rud é nach raibh an taithí, an mhuinín, an t-eolas, na scileanna ná na hinniúlachtaí is gá ag na múinteoirí agus na hoiliúnóirí[2] go léir chun cianteagasc a eagrú agus a chur ar fáil go héifeachtach, bhí gá le hoiliúint bhreise spriocdhírithe. Ba mhinic a chuaigh a dtiomantais níos faide ná ceachtanna a mhúineadh agus rinne siad iarrachtaí breise chun dul chun cinn agus dea-bhail na bhfoghlaimeoirí a áirithiú. D'fhéadfadh ualach oibre méadaithe a bheith mar thoradh ar an ngá le dul in oiriúint go tapa don timpeallacht nua oibre, rud a dhéanfadh difear dá gcothromaíocht oibre is saoil. Sna himthosca sin, léirigh múinteoirí agus oiliúnóirí, mar aon leis an bhfoireann tacaíochta, tiomantas agus cruthaitheacht inmholta, chomh maith le hoscailteacht don chomhoibriú, don chomhchruthú agus don phiarfhoghlaim.

[2] De réir shuirbhé TALIS de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (2018), braitheann níos lú ná 40 % de mhúinteoirí go bhfuil siad ullmhaithe go maith le teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a úsáid agus iad ag teagasc.

10. Cé gur imir an t-aistriú chuig an teagasc agus an fhoghlaim dhigiteach ról tábhachtach chun go bhféadfaí leanúint den phróiseas foghlama, níl aon chomparáid, ó thaobh cáilíochta de, idir an t-oideachas digiteach agus an teagasc agus an fhoghlaim le daoine os comhair a chéile. Thairis sin, i gcuid mhór cásanna, is freagairt éigeandála a bhí san athrú tobann go dtí an teagasc agus an fhoghlaim dhigiteach, seachas plean barrfheabhsaithe chun cianoideachas digiteach a chur ar fáil ar bhonn forleathan. Bhí roinnt múinteoirí agus oiliúnóirí ag teagasc ar líne den chéad uair agus, cé go bhfuil a dteacht aniar agus a n-inoiriúnaitheacht le moladh, níor cheart féachaint ar an gcianteagasc agus ar an gcianfhoghlaim dhigiteach i gcomhthéacs COVID-19, cé gur luachmhar iad, mar an caighdeán ginearálta don chianoideachas digiteach.

11. Bhí ar theaghlaigh na bhfoghlaimeoirí, múinteoirí agus oiliúnóirí an comhar eatarthu a mhéadú agus iarracht bhreise a dhéanamh le go bhféadfaí an chianfhoghlaim a chur i bhfeidhm. I gcás tuismitheoirí agus cúramóirí a bhí ag obair ón mbaile, chuaigh sé rite orthu a gcúraimí oibre a chomhcheangal le tacaíocht foghlama agus le dualgais chúraim i ndáil lena leanaí. I gcás na dtuismitheoirí agus na gcúramóirí nach raibh ar a gcumas oibriú ón mbaile, ba dheacair dóibh cúram lae a aimsiú dá bpáistí is óige.

12. Baineann dúshlán ar leith le codanna praiticiúla den churaclam a chur ar fáil i gcomhthéacs na cianfhoghlama. Tá sin ábhartha go háirithe i dtaca leis an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint, inar cuid mhór den churaclam í an fhoghlaim phraiticiúil. D'fhéadfadh sé go raibh foghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint faoi mhíbhuntáiste breise, ós rud é go raibh a lán fostóirí a bhíonn rannpháirteach san fhoghlaim obairbhunaithe agus i bprintíseachtaí buailte freisin ag an ngéarchéim. I bhfianaise go mbíonn printísigh ag brath, i gcásanna áirithe, ar íocaíocht agus ar chúiteamh ó na fostóirí, is léir tionchar na géarchéime ar a slí bheatha.

13. Uaireanta bíonn foghlaimeoirí fásta, go háirithe iad siúd ar bheagán oiliúna, gan na scileanna digiteacha sin is gá le bheith páirteach san fhoghlaim dhigiteach, agus is lú, dá bharr sin, na deiseanna a bhíonn acu i ndáil le huas-sciliú agus athoiliúint.

14. Bainistiú an mheasúnaithe agus an ghrádaithe, ba é sin ceann de na dúshláin ba mhó a bhí ann, agus béim á cur ag roinnt Ballstát ar mheasúnú foirmitheach agus go gcuirfí dálaí foghlama éagsúla san áireamh. Tá dlúthbhaint idir sin agus an dúshlán a bhaineann le críoch éifeachtúil a eagrú don bhliain scoile agus acadúla, rud atá thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs scrúduithe fágála na scoile agus céime ó tharla go mbíonn tionchar ag an méid sin ar an gclárú i leibhéil éagsúla oideachais agus oiliúna. I ndáil leis sin, trí mhalartú faisnéise, comhar agus idirphlé idir na geallsealbhóirí ábhartha oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear údaráis dearbhaithe agus aitheanta cáilíochta agus na comhpháirtithe sóisialta, is féidir bonn a leagan síos do cur chuige fiúntach comhordaithe. D'fhéadfadh sin a bheith an-úsáideach go háirithe agus cinneadh á dhéanamh faoi na ceanglais i ndáil le clárú d'institiúidí ardoideachais, agus urraim chuí á dtabhairt dá neamhspleáchas agus dá gcúinsí náisiúnta.

15. Tá an phaindéim tar éis tionchar a imirt freisin ar na deiseanna soghluaisteachta foghlama san Eoraip agus go hidirnáisiúnta. Ó tharla a lán institiúidí oideachais agus oiliúna a bheith dúnta, bhí deacrachtaí éagsúla ag foghlaimeoirí a bhí ag staidéar thar lear, mar shampla leanúint lena dtréimhse soghluaisteachta, rochtain a bheith acu ar chóiríocht agus ar chúram sláinte, teidlíocht chun deontas agus scoláireachtaí, nó filleadh ar a dtír dhúchais. D'fhéadfadh sé go raibh ar fhoghlaimeoirí atá thar lear dul i ngleic le deacrachtaí socheacnamaíocha a bhaineann le caillteanas ioncaim teaghlaigh mar thoradh ar an ngéarchéim sa mhargadh saothair a tharla de dheasca phaindéim COVID-19.

16. Rinneadh an-chuid gníomhaíochtaí Erasmus+ agus gníomhaíochtaí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chur siar nó a chur ar ceal agus i gcásanna ina raibh soghluaisteacht pleanáilte, moladh comhar fíorúil a dhéanamh ina hionad.

17. Thar an infheistíocht is gá chun aghaidh a thabhairt ar thionchar sláinte agus socheacnamaíoch na géarchéime, is den tábhacht é tosaíochtaí reatha infheistíochta a dhíriú ar an oideachas agus an oiliúint. I ndáil leis sin, is ríthábhachtach a aithint go gcuireann oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán go cinnte le dea-bhail agus forbairt phearsanta agus ghairmiúil na saoránach, chomh maith le hathléimneacht na sochaí agus an gheilleagair, agus go bhfuil ról tábhachtach acu sa téarnamh. Is gá an méid sin a chur san áireamh agus an Plean Eorpach don Téarnamh á fhorbairt.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

18. D'fhonn na dúshláin sin a shárú, agus i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, chuir na Ballstáit agus a n-institiúidí oideachais agus oiliúna bearta iomadúla i bhfeidhm gan mhoill, mar shampla:

- ábhar agus inneachar oideachasúil ardcháilíochta agus cleachtais oideachasúla ardcháilíochta atá oiriúnaithe do chomhthéacs na cianfhoghlama ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar leibhéal na hinstitiúide a fhorbairt agus a chomhroinnt;
- tacú le timpeallachtaí foghlama fíorúla, chun go bhféadfaí ardáin foghlama ar líne atá ann cheana a úsáid (nó ardáin nua a fhorbairt) agus uirlisí comhoibrithe foirne a úsáid;
- an chraoltóireacht teilifíse agus na meáin chraoltóireachta eile a úsáid chun inneachar oideachasúil a chur ar fáil;
- réimse treoirlínte agus treoracha a ullmhú maidir le páirt a ghlacadh sa chianfhoghlaim agus conas cianteagasc a chur ar fáil, mar shampla, slánúsáid na n-uirlisí digiteacha agus measúnú ar líne;
- deiseanna forbartha gairmiúla spriocdhírithe a chur ar fáil do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí agus do bhaill foirne oideolaíocha eile;
- foghlaimeoirí a shainaithint nach bhfuil in ann a bheith rannpháirteach sa chianfhoghlaim agus teagmháil a dhéanamh leo tríd an trealamh is gá agus an rochtain idirlín is gá a chur ar fáil, go háirithe foghlaimeoirí ó limistéir agus ó chúlra atá iargúlta ó thaobh na tíreolaíochta de nó atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh na socheacnamaíochta de, chomh maith le hábhair oideachasúla chlóite a dháileadh, nuair is gá;
- tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu;
- an rochtain ar inneachar digiteach a éascú i leabharlanna;
- béilí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ó chúlra atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch;
- cineálacha éagsúla tacaíochta síceolaíche a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí, do theaghlaigh, do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí;
- cúram lae a áirithiú do leanaí óga nach raibh a dtuismitheoirí nó a gcúramóirí in ann oibriú ón mbaile, go háirithe na hoibrithe bunriachtanacha atá ag obair in earnálacha criticiúla, amhail seirbhísí sláinte;
- cineálacha éagsúla tacaíochta a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ag staidéar thar lear atá ag teacht isteach agus ag imeacht araon;
- faisnéis a chur ar fáil go rialta d'fhoghlaimeoirí, múinteoirí agus oiliúnóirí, institiúidí oideachais agus oiliúna, teaghlaigh agus geallsealbhóirí ábhartha eile;

- comhar a fhorbairt le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha, chomh maith le gnólachtaí, lena n-áirítear cuideachtaí teileachumarsáide, soláthraithe idirlín agus foilsitheoirí, ar chuir roinnt acu ábhair agus uirlisí ar fáil saor in aisce i gcásanna áirithe;
- tacaíocht agus spreagadh a thabhairt, más féidir, don oideachas fisiciúil agus don ghníomhaíocht fhisiciúil, i gcomhréir le bearta réamhchúraim sábháilteachta.

19. Mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, chuir an Coimisiún deiseanna ar fáil le haghaidh breis solúbthachta i gcur chun feidhme chlár Erasmus+, agus í comhlánaithe le comhairle phraiticiúil do rannpháirtithe Erasmus+ agus do ghníomhaireachtaí náisiúnta. Ina theannta sin, sa bhreis ar na hiarrachtaí a rinneadh laistigh den Chomhairle, d'éascaigh an Coimisiún tuilleadh deiseanna maidir le comhar agus malartú faisnéise idir na Ballstáit.

20. In imeacht ama agus i bhfianaise go bhféadfaí na bearta imshrianta a scaoileadh ar mholadh na n-údarás sláinte, beidh ceisteanna eile ag teacht chun cinn, mar shampla, faoi cén uair a bheidh institiúidí oideachais agus oiliúna ag athoscailt, mar aon leis na cuideachtaí a chuireann foghlaim obairbhunaithe ar fáil, agus faoi na bearta eagraíochtúla agus sábháilteachta, go háirithe maidir leis an scaradh sóisialta**,** an tsláintíocht agus an sláinteachas. I ndáil leis sin, baineann roinnt de na dúshláin le hacmhainní daonna leordhóthanacha, chomh maith le hullmhacht agus inbhuanaitheacht na saoráidí oideachais agus oiliúna, go háirithe a iomchuí atá siad chun na bearta is gá a chur chun feidhme.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR AN gCOIMHDEACHT AGUS I gCOMHRÉIR LE CÚINSÍ NÁISIÚNTA, AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

21. Leanúint d'fhaisnéis, de thaithí agus de dhea-chleachtais a roinnt idir na Ballstáit maidir leis an gcaoi is fearr is féidir an t-oideachas agus an oiliúint a chur in oiriúint don chomhthéacs reatha, ag brath ar a dtarlóidh i ndáil le géarchéim COVID-19 amach anseo, lena n-áirítear na bearta éagsúla maidir le hathoscailt na n-institiúidí oideachais agus oiliúna, chun cothromas a áirithiú, dea-bhail na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne a chothú agus tacaíocht shíceolaíoch a chur ar fáil. I ndáil leis sin, sreabhadh faisnéise cuíchóirithe comhleanúnach a spreagadh agus an leas is fearr a bhaint as na líonraí atá ann cheana.

22. Maidir le hathoscailt na n-institiúidí oideachais agus oiliúna, na bearta riachtanacha a dhéanamh, i gcomhréir leis na himthosca áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, chun sábháilteacht na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne a áirithiú, lena n-áirítear coinníollacha iomchuí sláintíochta agus sláinteachais, agus iad ag dul i mbun na foghlama agus an teagaisc le daoine os comhair a chéile arís, agus an comhionannas deiseanna á áirithiú ag an am céanna.
23. Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh cheana i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, agus ag féachaint ar an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ag an ngéarchéim ar thodhchaí an oideachais agus na hoiliúna, breathnú ar na deiseanna atá ann don nuálaíocht agus iarrachtaí breise a dhéanamh chun luas a chur le claochlú digiteach na gcóras oideachais agus oiliúna, agus i gcás inarb ábhartha, borradh a chur faoi acmhainneacht dhigiteach na n-institiúidí oideachais agus oiliúna agus an bhearna dhigiteach a chúngú.
24. Agus na ceachtanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19 á gcur san áireamh, tacú le scileanna agus le hinniúlachtaí digiteacha na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí a fhorbairt a thuilleadh, d'fhonn teagasc agus measúnú a éascú i dtimpeallachtaí digiteacha foghlama.
25. Agus aird chuí á tabhairt ar an neamhspleáchas institiúideach, scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht foghlaim dhigiteach ar ardchaighdeán a neadú mar chuid den tairiscint oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna. Agus an méid sin á dhéanamh, aird a thabhairt ar a iomchuí agus atá na huirlisí digiteacha d'aois agus do riachtanais speisialta na bhfoghlaimeoirí agus ar a gcomhlíontacht le rialacha cosanta sonraí, le príobháideachas, le ceisteanna eiticiúla, le sábháilteacht agus le ceanglais chibearshlándála.
26. Féachaint an bhféadfaí an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú trí fhaireachán agus trí mheastóireacht bunaithe ar mhianadóireacht sonraí oideachais atá dírithe ar na sonraí atá ann cheana, ar anailísíocht foghlama agus ar úsáid na hintleachta saorga agus aird chuí á tabhairt ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679).
27. Agus deiseanna á gcur ar fáil don chianfhoghlaim, don fhoghlaim dhigiteach agus don fhoghlaim chumaisc, aird níos mó a thabhairt ar chomhionannas deiseanna agus ar rochtain leanúnach ar oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a áirithiú d'fhoghlaimeoirí beag beann ar aois, ar an gcáilíocht a chinntiú agus ar bhailíochtú agus aithint thorthaí na foghlama arna bhfáil a spreagadh. Agus an ceart chun oideachais á athdhearbhú, aird ar leith á tabhairt ar chosc a chur ar an méadú a d'fhéadfadh teacht ar luathfhágáil na scoile, mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19.

28. Chun an éifeacht dhiúltach a bhíonn ag géarchéim COVID-19 ar shoghluaisteacht fhisiciúil trasteorann agus ar chomhar fisiciúil trasteorann a mhaolú, úsáid deiseanna fíorúla don tsoghluaisteacht agus don chomhar a spreagadh.

29. Comhoibriú i dtaca le bacainní ar an tsoghluaisteacht trasteorann foghlama, ar constaicí iad a bhaineann le COVID-19 a bhaint agus aird á tabhairt ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag cineálacha éagsúla cur chuige maidir le measúnú, ag scrúduithe a d'fhéadfadh a bheith curtha ar ceal nó curtha siar agus clárú atá curtha ar ceal agus go mb'fhéidir go mbeadh tionchar diúltach aige sin uile ar dheiseanna soghluaisteachta foghlama sna blianta atá le teacht.

30. Comhoibriú ar dheiseanna oideachais a fháil d'fhoghlaimeoirí a thaistealaíonn go laethúil idir Ballstáit chomharsanachta, go háirithe i gcás teorainneacha a bheith dúnta ar feadh i bhfad.

31. Tacú le forbairt níos mó an bhonneagair dhigiteach mar aon le scileanna agus inniúlachtaí digiteacha trí úsáid a bhaint as an maoiniú atá ar fáil i gcláir agus i gcistí an Aontais, go háirithe clár Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach agus a gcomharbaí, chomh maith leis an gClár nua don Eoraip Dhigiteach.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHRÉIR LENA INNIÚLACHTAÍ AGUS AN AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR AN gCOIMHDEACHT, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

32. Taighde a dhéanamh agus na torthaí a scaipeadh maidir le tionchar phaindéim COVID-19 agus na ceachtanna a foghlaimíodh ar leibhéil éagsúla oideachais agus oiliúna, le béim ar an gcianfhoghlaim agus ar an gcianteagasc agus ar acmhainní digiteacha na gcóras oideachais agus oiliúna sna Ballstáit, mar acmhainn chun ceapadh beartais náisiúnta atá bunaithe ar fhianaise agus an comhar ar leibhéal an Aontais a neartú, d'fhonn teacht aniar agus ullmhacht a chothú le haghaidh freagairtí éigeandála a bheidh tráthúil, éifeachtach agus iomchuí amach anseo.

33. Agus togra don phlean téarnaimh Eorpach á fhorbairt, aitheantas á thabhairt d'acmhainneacht chlaochlaitheach an oideachais agus na hoiliúna mar spreagadh chun téarnamh rathúil a bhaint amach agus don ghá atá le hinfheistíochtaí san oideachas agus san oiliúint, go háirithe i ndáil le hoideachas digiteach, lena n-áirítear bonneagar agus scileanna digiteacha.

34. Tacú leis na Ballstáit deiseanna infheistíochta a chur ar fáil i mbonneagar inbhuanaithe oideachais agus oiliúna, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, agus na hacmhainneachtaí is gá á gcur san áireamh freisin chun sábháilteacht a áirithiú mar aon leis na bearta riachtanacha eagraíochtúla mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19.

35. Agus an Limistéar Eorpach Oideachais á fhorbairt, mar aon leis an gcreat straitéiseach iar-2020 don chomhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint, an Plean Gníomhaíochta nua don Oideachas Digiteach agus an Clár Oibre nuashonraithe Scileanna, na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim COVID-19 maidir le claochlú digiteach na gcóras oideachais agus oiliúna a chur san áireamh agus aird ar leith á tabhairt ar dhúshláin cháilíochta agus shochaíocha amhail cuimsiú a áirithiú, comhionannas deiseanna a chur ar fáil, comhtháthú a chur chun cinn agus bréagaisnéis a chomhrac.

36. Leanúint de mhalartuithe a éascú ar dhúshláin agus ar bhearta arna ndéanamh ag na Ballstáit, lena n-áirítear trí bhunachair sonraí oscailte d'acmhainní oideachais a nascadh, feabhas a chur ar an rochtain agus ar an bhfáil a bheadh orthu, d'fhonn comhroinnt modheolaíochtaí, uirlisí agus ábhair chianfhoghlama éagsúla a éascú. Sa chomhthéacs sin, cur leis na deiseanna atá ann cheana, amhail iad siúd atá ar fáil trí r-Nascadh, an Tairseach Oideachais Scoile agus an Ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE). Úsáid uirlisí féinmheasúnaithe amhail SELFIE agus HEInnovate a chur chun cinn chun tacú le hacmhainneacht dhigiteach agus claochlú digiteach scoileanna agus institiúidí ardoideachais.

37. Faisnéis bhreise phraiticiúil a chur faoi bhráid na mBallstát agus a scaipeadh orthu maidir leis an bhféidearthacht riachtanais na gcóras oideachais agus oiliúna a mhaoiniú chun iarmhairtí phaindéim COVID-19 a mhaolú laistigh den Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII agus CRII+) agus sásraí cistiúcháin iomchuí eile.

38. Leanúint d'fhaisnéis a roinnt go rialta le geallsealbhóirí agus comhlachtaí cur chun feidhme Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh maidir le deiseanna do shocruithe solúbtha i ndáil le soghluaisteacht foghlama agus tionscadail a chur chun feidhme i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19.

39. I gcomhar leis na Ballstáit, féachaint ar na bealaí chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is práinní le linn na dtréimhsí ina gcuirtear srian ar shoghluaisteacht fhisiciúil tríd an tsolúbthacht a thabhairt cistí nár úsáideadh a ath-leithdháileadh idir gníomhaíochtaí Erasmus+, i gcás inarb iomchuí.

40. Tacú leis na Ballstáit cleachtais oideachais dhigitigh agus deiseanna don oideachas agus don oiliúint dhigiteach a fhorbairt a thuilleadh agus aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí ghéarchéim COVID-19 ar na grúpaí foghlaimeoirí is leochailí, trí úsáid a bhaint as na deiseanna Erasmus+ atá ar fáil.

41. Ábhair agus uirlisí ábhartha a scaipeadh agus a n-úsáid a chur chun, lena n-áirítear taithí fhíorúil ar chomhar, a d'eascair as tionscadail Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus gníomhaíochtaí na gComhghuaillíochtaí Eorpacha agus Náisiúnta um Scileanna Digiteacha agus Poist, a d'fhéadfadh, faoi bhratach na dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát, tacaíocht bhreise úsáideach a thabhairt mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19.

42. I gcomhar leis na Ballstáit agus aird chuí á tabhairt ar neamhspleáchas institiúideach agus ar comhthéacsanna náisiúnta, tosú ag obair ar bhearta chun bacainní a bhaineann le COVID-19 a bhaint agus glacadh deiseanna soghluaisteachta foghlama trasteorann a thionscnamh an athuair i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, lena n-áirítear trí threoir shoiléir a chur ar fáil maidir leis an gcaoi le deiseanna soghluaisteachta foghlama faoi Erasmus+ a éascú.

43. Soghluaisteacht fhíorúil ar ardchaighdeán agus comhar a chur chun cinn agus tacú le soghluaisteacht chumaisc a fhorbairt faoi chuimsiú chlár Erasmus+, agus é á chur san áireamh, cé nach féidir í a chur in ionad na soghluaisteachta fisiciúla, go bhfuil ról tábhachtach comhlántach ag an tsoghluaisteacht fhíorúil.

44. Oibriú i ndlúthchomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Comhairle na hEorpa, UNESCO agus ECFE chun faisnéis a bhaineann le himpleachtaí COVID-19 ar oideachas agus oiliúint a chur ar fáil agus a scaipeadh.